Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2018
(OR. en)

12278/1/18
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0097(COD)

CODEC 1488
AGRI 432
WTO 237

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 maidir le cainníochtaí ainmniúla de shochu aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 18 Aibreán 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 114(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 12 Meán Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 11 Iúil 2018[3].

[1] 8164/18.
[2] 11521/18.
[3] Nár foilsíodh fós.

4. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 56/18 é, a fhormheas mar ítim "A" ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.